Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 8 Eanáir 2016**
**(OR. en)**

**15564/15**

**ECOFIN 1009**
**UEM 437**
**SOC 725**
**EMPL 471**
**COMPET 573**
**ENV 812**
**EDUC 326**
**RECH 313**
**ENER 440**
**JAI 1027**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 2)/An Chomhairle |
| Ábhar: | Seimeastar Eorpach 2016 - an Suirbhé Bliantúil Fáis: treoir mhaicreacnamaíoch agus fhioscach do na Ballstáit<br>- Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle (ECOFIN) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo na dréacht-Chonclúidí ón gComhairle maidir leis an Suirbhé Bliantúil Fáis mar a d'ullmhaigh an Coiste Eacnamaíoch agus Airgeadais iad.

Seimeastar Eorpach 2016: treoir mhaicreacnamaíoch agus fhioscach do na Ballstáit

— Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle (ECOFIN) maidir leis an Suirbhé Bliantúil Fáis —

Dearbhaíonn an Chomhairle (ECOFIN) mar a leanas:

## I SEIMEASTAR EORPACH 2016

1. IS DÍOL SÁSAIMH DI Suirbhé Bliantúil Fáis 2016 ón gCoimisiún, ina leagtar amach tosaíochtaí ginearálta beartais le haghaidh post agus fáis san Aontas agus sna Ballstáit, agus is é túsphointe Sheimeastar Eorpach 2016 é.

2. AONTAÍONN SÍ A BHEAG NÓ A MHÓR leis an anailís a rinne an Coimisiún ar an gcás eacnamaíoch agus ar dhúshláin bheartais san Aontas Eorpach. In ainneoin an téarnaimh mheasartha a rachaidh i bhfeabhas de réir a chéile, is iomaí geilleagar a bhfuil dúshláin mhóra maidir leis an mbeartas struchtúrach fós os a chomhair. Cuireann míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha leanúnacha srian ar an bhfás agus ar an bhfostaíocht. I gcás geilleagar áirithe, tá ráta ard dífhostaíochta fadtéarmaí iontu agus ráta ard dífhostaíochta i measc na n-ógánach, agus cuireann fás mall táirgiúlachta isteach ar an iomaíochas agus ar chaighdeáin mhaireachtála. Tá an infheistíocht á coimeád siar ag leibhéil arda fiachais, idir phoiblí agus phríobháideach, agus ag ionchas lag fáis.

3. Sa chomhthéacs sin, CUIREANN SÍ I dTREIS go mba cheart féachaint, le beartais , leis an téarnamh a chomhdhlúthú agus le dul i ngleic le míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha. Léiríonn an téarnamh i bpáirt an tionchar atá ag na hathchóirithe a cuireadh chun feidhme le blianta beaga anuas, agus ba cheart do na Ballstáit na hathchóirithe uaillmhianacha sin agus beartais atá fioscach fónta a chur chun feidhme i gcónaí. LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá sé faireachán a dhéanamh ar fheidhmíocht agus ar chur chun feidhme an bheartais i gcaitheamh na bliana, lena n-áirítear na moltaí a bhaineann go sonrach le tír ar leith agus na moltaí a bhaineann leis an limistéar euro. IARRANN SÍ ar an gCoiste Eacnamaíoch agus Airgeadais agus ar an gCoiste um Beartas Eacnamaíoch déanamh amhlaidh, ar bhonn ionchuir arna soláthar ag an gCoimisiún agus ag na Ballstáit, agus TÁ SÍ AG TNÚTH le cur chun feidhme na moltaí a bhaineann go sonrach le tír ar leith a phlé i gcumraíochtaí ábhartha na Comhairle sna míonna atá romhainn.

4. AONTAÍONN SÍ leis na réimsí leathana tosaíochta beartais a leag an Coimisiún amach agus ar cheart díriú orthu ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais in 2016: Infheistíocht a sheoladh an athuair, athchóirithe struchtúracha a chur i bhfeidhm chun ár ngeilleagair a nuachóiriú, agus airgeadas fónta poiblí a fhorbairt. AITHNÍONN SÍ go ndírítear níos fearr ar an bhfostaíocht agus ar fheidhmíocht shóisialta.

5. Tá fachtóirí deimhneacha sealadacha, lena n-áirítear praghsanna ísle ola, an euro a bheith lag agus beartais réidhe airgeadaíochta ag dul go mór chun tairbhe an téarnaimh, cé go bhfuiltear ag súil go dtiocfaidh forbairt air de réir a chéile. Ag an am céanna, tá amhras níos mó anois ann faoi cheist na slándála, tá an teannas geopholaitiúil dulta i méid agus tá an t-ionchas eacnamaíoch domhanda ag éirí níos casta rud a fhágann gur measa anois iad na rioscaí ar an taobh thíos i gcás ionchas eacnamaíoch an Aontais. Sa chomhthéacs sin, CUIREANN SÍ I dTREIS go gcaithfidh na beartais eacnamaíocha níos mó a dhéanamh chun fás láidir inbhuanaithe a chur chun cinn, agus urraim iomlán á tabhairt don ról atá ag na gníomhaithe ábhartha go léir.

6. IS DÍOL SÁSAIMH DI na tograí ón gCoimisiún maidir le hatheagar a chur ar an Seimeastar Eorpach, ar tograí iad a leagtar amach i bpacáiste an Rialachais Eacnamaíoch a tíolacadh i mí Dheireadh Fómhair 2015.

## II TREOSHUÍMH MAIDIR LE BEARTAS FIOSCACH AGUS MAICREACNAMAÍOCH

**An infheistíocht a sheoladh an athuair**

7. TUIGEANN SÍ gur tháinig laghdú mór ar an leibhéal infheistíochta i ngeall ar an ngéarchéim, i bpáirt. In ainneoin dálaí fabhracha i gcoitinne, is é sin le rá rátaí ísle úis, leachtacht leordhóthanach sna margaí airgeadais agus dul chun cinn sna próisis díghiarála, tá an leibhéal infheistíochta íseal i gcónaí. CUIREANN SÍ I dTREIS go bhfuil géarghá le borradh a chur faoin infheistíocht trí fheabhas a chur ar an timpeallacht infheistíochta ar an iomlán chun tacú leis an téarnamh eacnamaíoch, agus chun cur leis an táirgiúlacht agus leis an acmhainneacht fáis.

8. IS DÍOL SÁSAIMH DI an comhar idir Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Banc Eorpach Infheistíochta maidir leis an bPlean Infheistíochta don Eoraip a chur i ngníomh laistigh d'aon bhliain amháin. IS DÍOL SÁSAIMH DI an dul chun cinn a rinneadh maidir le leas a bhaint as infheistíocht phríobháideach agus phoiblí agus AITHNÍONN SÍ a thábhachtaí atá sé tionscadal straitéiseacha a roghnú lena mbaineann breisíocht ard faoin gCiste Eorpach le haghaidh Infheistíochtaí Straitéiseacha (CEIS) chun leas a bhaint as acmhainní breise na hearnála príobháidí. IS MIAN LÉI go gcuirfí leis an bhfeasacht ar an leibhéal náisiúnta maidir le CEIS, agus go bhforbrófaí tionscadail infheistíochta príobháidí agus poiblí.

9. CUIREANN SÍ I dTREIS go gcaithfear feabhas a chur ar an timpeallacht rialála ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal Eorpach araon chun bacainní rialúcháin, riaracháin agus bacainní eile ar an infheistíocht phríobháideach a bhaint agus chun leas a bhaint as na sochair a bhaineann le hintuarthacht rialála, le feabhsú agus le héagsúlú foinsí airgeadais agus le cothroime threisithe iomaíochta san Aontas. CUIREANN SÍ I bhFÁTH gur cheart aird chuí a thabhairt ar chumas riaracháin leordhóthanach a fhorbairt, agus ar chur leis an trédhearcacht, leis an éifeachtúlacht agus leis an gcuntasacht sa soláthar poiblí.

10. TAGANN SÍ LEIS an anailís a rinne an Coimisiún ar an ngá atá le feabhas a chur ar na coinníollacha maoiniúcháin don bhfíorgheilleagar agus AITHNÍONN SÍ a thábhachtaí atá sé an obair ar an Aontas Baincéireachta a bhrú ar aghaidh go gasta chun an chobhsaíocht airgeadais a áirithiú. IS DÍOL SÁSAIMH DI an Plean Gníomhaíochta a thíolaic an Coimisiún chun Aontas Margaí Caipitil a chur ar bun agus iarrann sí ar na gníomhaithe ábhartha go léir féachaint leis go gcuirfear chun feidhme láithreach é.

## III ATHCHÓIRITHE STRUCHTÚRACHA A CHUR I BHFEIDHM CHUN ÁR nGEILLEAGAIR A NUACHÓIRIÚ

11. IS DÍOL SÁSAIMH DI an dul chun cinn a rinne na Ballstáit maidir lena ngeilleagair a nuachóiriú agus aghaidh a thabhairt ar mhíchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a sainaithníodh sna blianta roimhe sin. CUIREANN SÍ IN IÚL go bhfuil ag éirí níos fearr le Ballstáit áirithe ná mar atá le Ballstáit eile i dtaca le táirgiúlacht agus cóineasú agus TÁ SÍ AG TNÚTH leis an tionscnamh ón gCoimisiún lena bhféachfar ar an úsáid atá á baint as tagarmharcanna agus as malartú an dea-chleachtais i gcás réimsí éagsúla beartais ionas go ndéanfaí aithris ar na Ballstáit sin is fearr a bhfuil ag éirí leo agus ar na struchtúir eacnamaíocha is athléimní d'fhonn leibhéal stóinsithe, inbhuanaithe a bhaint amach i gcás na táirgiúlachta agus na fostaíochta agus i gcás fás aschuir. CUIREANN SÍ I dTREIS go mbeidh sé ríthábhachtach plé críochnúil a dhéanamh ar oiriúnacht na dtagarmharcanna má táthar chun iad a úsáid ar bhealach éifeachtach faoi chuimsiú an rialachais eacnamaíoch, agus CUIREANN SÍ I bhFÁTH go gcaithfear a áirithiú gur ar an leibhéal náisiúnta a cheapfar na hathchóirithe struchtúracha, agus go gcosnófar an úinéireacht náisiúnta sin, d'fhonn iad a chur chun feidhme go héifeachtach, i gcás réimsí freisin a thagann faoin inniúlacht náisiúnta.

12. TUIGEANN SÍ a thábhachtaí atá an maoiniú agus an cúnamh teicniúil a thagann ón Aontas chun tacú leis na Ballstáit na hathchóirithe a chur chun feidhme. TUGANN SÍ DÁ hAIRE an rún atá ag an gCoimisiún feabhas a chur ar an úsáid a bhaintear as Cistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa chuige sin.

13. LEAGANN SÍ BÉIM ar an ngá atá le díriú ar athchóirithe lárnacha áirithe ar mhargadh an tsaothair, agus ról na gcomhpháirtithe sóisialta á urramú, chun cuidiú le dul i ngleic leis an dífhostaíocht i measc na n-ógánach agus leis an dífhostaíocht fhadtéarmach; chun coigeartú fíorphá a éascú d'fhonn gluaiseachtaí sa táirgiúlacht a léiriú go hiomchuí sa mheántéarma; chun reachtaíocht maidir le cosaint na fostaíochta a nuachóiriú agus chun aistrithe réidhe a chur chun cinn i margadh an tsaothair; chun cruthú an chaipitil dhaonna a threisiú; agus chun cur le héifeachtacht na gcóras cosanta sóisialta. AITHNÍONN SÍ go bhfuil gá le cur chuige cuimsitheach d'fhonn imircigh a lánpháirtiú agus d'fhonn an rabharta dídeanaithe a tháinig isteach le déanaí a láimhseáil agus d'fhonn féachaint leis go mbeidh rochtain acu ar mhargadh an tsaothair.

14. CUIREANN SÍ I dTREIS go gcaithfear níos mó a dhéanamh chun margaí oscailte, iomaíocha táirgí agus seirbhísí a chur chun cinn, agus chun feabhas a chur ar fheidhmiú an mhargaidh aonair Eorpaigh. AITHNÍONN SÍ an acmhainneacht a bheadh ag teicneolaíochtaí nua agus ag samhlacha nua gnó mar fhoinsí breise fáis, a bhféadfaí go leor post nua a chruthú dá mbarr.

## IV. BEARTAIS FHÓNTA FHIOSCACHA

15. IS DÍOL SÁSAIMH DI an dul chun cinn a rinneadh maidir le comhdhlúthú fioscach, ach TUIGEANN SÍ go bhfuil leibhéil an fhiachais phoiblí fós ard i bhformhór na mBallstát agus go gcaithfear na heasnaimh agus an fiachas a cheansú go fadtéarmach. CUIREANN SÍ IN IÚL gur cheart do na Ballstáit a mbeartais fhioscacha a chur chun feidhme i gcónaí i gcomhréir leis an gComhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis, rud a chuireann ar chumas na gcobhsaitheoirí uathoibríocha gníomhú de réir an choigeartaithe struchtúrtha a aontaíodh agus an úsáid is fearr is féidir á baint as an tsolúbthacht atá i rialacha an Chomhshocraithe Cobhsaíochta agus Fáis agus inbhuanaitheacht fhadtéarmach an airgeadais phoiblí á háirithiú. Ba cheart do na Ballstáit an iarracht fhioscach a chur in oiriúint dóibh féin ach é bheith ag cloí go hiomlán le ceanglais an Chomhshocraithe Cobhsaíochta agus Fáis, agus riachtanais na cobhsaíochta á gcur san áireamh, mar aon leis na hiarmhairtí a d'fhéadfadh a bheith ann do na Ballstáit eile, lena n-áirítear don limistéar euro ina iomláine. TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur measadh don Choimisiún, tar éis dó measúnú a dhéanamh ar staid fhioscach an limistéir euro agus an Aontais ina iomláine do 2015 agus 2016, go bhfuil an staid neodrach agus iomchuí, a bheag nó a mhór, agus go bhfuil cothromaíocht idir an chobhsaíocht ghearrthéarmach agus an inbhuanaitheacht fhadtéarmach. IS DÍOL SÁSAIMH DI go gcuirfidh an Coimisiún san áireamh an tionchar buiséadach a bheidh ag an gcaiteachas breise a bhaineann le géarchéim urghnách na ndídeanaithe i gcomhréir leis an gComhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis. CUIREANN SÍ I dTREIS gur cheart na beartais fhioscacha a dhaingniú i gcreataí éifeachtacha náisiúnta rialachais chun an mhuinín a mhéadú, chun maoláin riachtanacha fhioscacha a athbhunú agus chun beartais fhioscacha chomh-thimthriallacha a sheachaint. LEAGANN SÍ BÉIM ar an ngá atá ann an inchreidteacht agus an éifeachtacht a chothú chun freagracht fhioscach a áirithiú. CUIREANN SÍ IN IÚL gur cheart leas a bhaint as na hamhantair a d'eascair as rátaí ísle úis go príomha chun cóimheasa fiachais a laghdú nó chun an éifeacht atá ag boilsciú íseal leanúnach ar an gcóimheas fiachais a chúiteamh, go háirithe sna Ballstáit sin ag a bhfuil fiachas ard rialtais, agus freisin, b'fhéidir, i gcás infheistíochtaí nó athchóirithe struchtúracha, ag brath ar sheasamh fioscach na tíre.

16. CUIREANN SÍ I dTREIS gur cheart aird níos mó a thabhairt ar cháilíocht agus ar chomhdhéanamh an choigeartaithe fhioscaigh agus ar thionchar an bheartais fhioscaigh ar an bhfás, trí fheabhas a chur ar éifeachtúlacht caiteachais agus tús áite a thabhairt don infheistíocht tháirgiúil, lena n-áirítear i gcás caipiteal daonna agus caiteachas rialtais, trí aistriú i dtreo córais chánach a bheadh níos éifeachtúla agus a thacódh níos mó leis an bhfás, agus i dtreo an ghá atá ann aghaidh a thabhairt ar chalaois chánach agus imghabháil chánach agus pleanáil ionsaitheach chánach a laghdú. IS DÍOL SÁSAIMH DI an Plean Gníomhaíochta a thíolaic an Coimisiún i mí Mheitheamh 2015, arb é is aidhm dó an nasc idir an cánachas agus láithreacha gníomhaíochta eacnamaíche agus cruthaithe luacha a athbhunú.

17. TUIGEANN SÍ go bhfuil dúshlán déimeagrafach ann agus go gcaithfear aghaidh a thabhairt air trí phleanáil stuama buiséadach agus trí bheartais fhónta lena n-áiritheofar inbhuanaitheacht na bpinsean, an chúraim sláinte agus na gcóras um chúram fadtéarmach. LEAGANN SÍ BÉIM ar an ról atá ag na comhpháirtithe sóisialta nó ag geallsealbhóirí tábhachtacha eile i gcomhréir leis an gcleachtas náisiúnta lena áirithiú gur ar an leibhéal náisiúnta a cheapfar na hathchóirithe agus CUIREANN SÍ IN IÚL gur cheart do na córais cosanta sóisialta bheith inbhuanaithe ar bhonn buiséadach.